Tráth Mhí na Samhna – Liotúirge

Is féidir an acmhainn seo a úsáid le Liotúirge an Bhriathair, nó Liotúirge na hEocairiste a reáchtáil. Tá sé i gceist againn anseo, tacú leis an scaradh sóisialta. Má tá córas idirchumarsáide ar fud na scoile beifear ábalta pobal iomlán na scoile a cheangal leis an liotúirge cé go mbeidís ina gcuid seomraí féin.

Bain úsáid as 'Google Drive' nó léibheann cosúil leis, le 'Leabhar Cuimhneacháin' a chur ar fáil, áit ina bhféadfadh na daltaí liostaí a chur le chéile de na daoine gur mhaith leo cuimhneamh orthu. D'fhéadfadh na múinteoirí Oideachas Reiligiúnach maoirseacht a dhéanamh ar a leithéid.

Lasann gach oide coinneal sa seomra ranga. D'fhéadfaí taifid de na hamhráin a sheinm (m.sh. Cór Chúil Aodha) de bharr na deacrachta a bhainfeadh le cór a thabhairt le chéile ar scoil, mar shampla.

Amhrán Tosaigh: 'God Will Wipe Away All Tears' (Bernard Sexton: tiomnaithe d'íobartaigh COVID-19, dá muintir is dá gcuid cairde).

Gníomh Aithrí

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn, na rúndiamhra naofa seo a cheiliúradh.

Ceannaire: Cuireadh tú chugainn le lucht an chroíbhrú a leigheas: A Thiarna déan trócaire.

Cách: A Thiarna déan trócaire.

Ceannaire: Tháinig tú chun na peacaigh a thabhairt chun aithrí: A Chríost déan trócaire.

Cách: A Chríost déan trócaire.

Ceannaire: Tá tú i do shuí ar dheasláimh an Athar chun idirghuí a dhéanamh ar ár son: A Thiarna déan trócaire.

Cách: A Thiarna déan trócaire.

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht: Leabhar na hEagna 3:1-9

Sliocht as Leabhar na hEagna

Tá anamacha na bhfíréan i láimh Dé agus ní bhainfidh piolóidí leo choíche.
Ba dhóigh le lucht na díchéille go raibh siad marbh, agus measadh gur thubaiste ab ea a mbás,
agus gurbh ionann agus díothú a n-imeacht uainn. Ach is amhlaidh atá siad faoi shuaimhneas anois.
Óir bíodh gur fhulaing siad pionós os comhair an tsaoil, bhí siad lán de dhóchas go mairfidís go deo.
Tar éis dóibh beagán smachtaithe a fhulaingt bronnfar mórán tíolacthaí orthu.
Mar chuir Dia féachaint orthu, agus fuair sé a dhíol iontu. Thástáil sé iad mar ór i bhfoirnéis
agus ghlac sé leo ina n-íobairt lándóite. Ar uair a chuairte drithleoidh siad go lonrach,
agus beidh siad ag gluaiseacht mar lasracha tríd an gcoinleach. Tabharfaidh siad breith ar chiníocha
agus beidh ceannas acu ar náisiúin agus beidh Dia féin ina rí orthu go brách. Na daoine a chuireann a muinín ann, tuigfidh siad an fhírinne; agus na daoine a fhanann dílis dó, cónóidh siad ina fhochair faoi ghrá; mar faigheann a phobal tofa grásta agus trócaire uaidh. Sin é Briathar Dé.

Cách: Buíochas le Dia

Salm le Freagra:
Freagra: Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm.

1. 'Sé an Tiarna m'aoire; ní bheidh aon ní de dhíth orm. Cuireann sé i mo luí mé i móinéar féir ghlais. (*Freagra*)

2. Seolann sé ar imeall an uisce mé, mar a bhfaighim suaimhneas. Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé mar gheall ar a ainm. (*Freagra*)

3. Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais, níor bhaol liom an t-olc; agus tú faram le do shlat is do bhachall, chun sólás a thabhairt dom. (*Freagra*)

4. Cóiríonn tú bord chun béile dom i láthair mo naimhde; ungann tú mo cheann le hola; tá mo chupa ag cur tharais. (*Freagra*)

5. Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol; I dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe. (*Freagra*)

An Dara Léacht: *Céadlitir Naomh Pól chuig na Teasalónaigh (4:13–18)*

Sliocht as Chéadlitir Naomh Pól chuig na Teasalónaigh.

Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan aon dóchas. Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbas chomh maith. Agus tá an méid seo le rá againn libh ar fhocal an Tiarna féin: an méid a fhágfar beo dínn go dtí teacht an Tiarna, ní bheidh aon bhuntáiste againn orthu sin a bheidh tar éis bháis: mar nuair a thabharfar an fógra le glór an ardaingil agus le trumpa Dé, tiocfaidh an Tiarna féin anuas ó neamh agus ar dtús éireoidh na mairbh i gCríost. Ansin an méid a bheidh fágtha beo dínn, ardófar chun siúil sinn mar aon leo trí na néalta in airicis an Tiarna sa spéir, agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo. Déanaigí a chéile a mhisniú, más ea, leis na briathra sin. Sin é Briathar Dé.

Buíochas le Dia.

Alleluia
Alleluia, Alleluia.

Tagaigí, a lucht bheannaithe m'Athar, glacaigí mar oidhreacht an ríocht a ullmhaíodh daoibh ó thúsú an domhain. Alleluia

Soiscéal an Tiarna: *Soiscéal Naomh Eoin (6:37–40)*

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.

Gach a dtugann an tAthair dom tiocfaidh sé chugam, agus an té a thagann chugam ní chaithfidh mé amach é. Óir tháinig mé anuas ó neamh ní chun go ndéanfainn mo thoil féin ach toil an té a chuir uaidh mé. Agus is é seo toil an Athar a chuir uaidh mé, nach gcaillfinn aon chuid dár thug sé dom, ach go dtógfainn suas é an lá deireanach. Óir is é seo is toil leis an Athair a chuir uaidh mé, gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.

Soiscéal an Tiarna.

Cách: Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Guí an Phobail

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, cuirimid ár gcuid urnaí in airde ar son an phobail agus ar son an domhain. Guímis chuig Críost ár dTiarna ní hamháin ar ár son féin agus ar son ár mianta, ach ar son an phobail i gcoitinne:

1. Guímid ar son an Phápa Proinsias, ar son ár nEaspag _____, ar son na cléire agus ar son an phobail Chríostaí ar fad. Deonaigh go spreagfaidh grásta an Spioraid Naoimh iad leis an Eaglais a threorú agus a láidriú i gcónaí.
   A Thiarna éist linn.

2. Guímid ar son an Oird _____, Go dtabharfaidh a gcuid oibre an spreagadh dúinn maireachtáil i gcónaí de réir luacha an bhunaitheora _____.
   A Thiarna éist linn.

3. Guímid ar son phobal na scoile seo againne. Ag an am dúshlánach seo deonaigh go mbeimid i gcónaí ag gníomhú ar an mbealach atá bunaithe ar an gcreideamh, an dóchas agus an grá.
   A Thiarna éist linn.

4. Guímid ar son ár gcuid tuismitheoirí agus ár seantuismitheoirí. Deonaigh go mbronnfaidh a gcuid grá agus a gcuid treoir, neart, sólás agus inspioráid leanúnach dúinn.
   A Thiarna éist linn.

5. Guímid ar son na muintire muirní atá ar shlí na fírinne. (Sos) Deonaigh go mbronnfar suaimhneas síoraí ar dheasláimh Dé ar neamh orthu.
   A Thiarna éist linn.

6. Guímid ar son ár muintire féin, ár gcairde agus orthusan atá mar oibrithe tosaigh. Go gcumhdaí Dia iad, agus go mbronna sé an chrógacht oiriúnach leanúnach orthu gníomhú ar son ár leasa.
   A Thiarna éist linn.

Sagart: A Dhia, ár neart agus ár ndídean, éist le guí na hEaglaise. Is tusa foinse an adhartha. Iarraimid go humhal ort an méid a lorgaímid go dóchasach ort a bhronnadh orainn. Trí Chríost ár dTiarna.

Machnamh:
A fhad is a bhíonn an ceol á sheinm, tugtar cuireadh do na daltaí ainmneacha na ndaoine atá á dtabhairt chun cuimhne a chogar os íseal, nó a rá amach os ard.

Moltaí:

1. God Will Wipe Away All Tears (Bernard Sexton)
2. Is é an Tiarna m'Aoire.
3. Go mBeannaítear Duit, A Mhuire.
4. Ag an bPósadh bhí i gCána.
5. Thug an Tiarna Dóibh Arán ó Neamh.
6. Regina Coeli.
7. Molaimis Go Léir an tAon- Mhac Críost.
8. Céad Glóire Leis an Athair.
9. Cogar na nAingeal.
10. Is é Seo an Lá a Rinne an Tiarna.